CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 51/26
Lucsamburg, 14 Aibreán 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-418/24 | [Obadal] [1]

# Conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile: is cosúil nach bhfuil na bearta a glacadh sa Spáinn chun pionós a ghearradh ar mhí-úsáid san earnáil phoiblí i gcomhréir le dlí an Aontais

Sa chás réamhrialaithe seo, tugann an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú do Chúirt Uachtarach na Spáinne maidir le comhréireacht na mbeart dá bhforáiltear sa Spáinn chun mí-úsáid a eascraíonn as úsáid conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile san earnáil phoiblí a leigheas. Measann an Chúirt gur cosúil nach gceadaítear leis na bearta sin (athrú na gconarthaí sin ina ‘gcaidreamh fostaíochta ar théarma éiginnte neamhbhuan’; cúiteamh a íoc le hoibrithe ar fhoirceannadh an chaidrimh fostaíochta; córas dliteanais na seirbhísí poiblí agus eagrú nósanna imeachta roghnúcháin lena gcuirtear san áireamh taithí roimhe sin an oibrí agus an t-am seirbhíse a chaith an t-oibrí agus é ag comhlíonadh a chúraimí) pionós cuí a ghearradh ar an mí-úsáid sin nó fáil réidh le hiarmhairtí an tsáraithe ar dhlí an Aontais.

Tá oibrí tar éis a bheith i mbun dualgais cúraim leanaí mar ghníomhaire conarthach ó Mhárta 2016 in ionad oideachasúil poiblí atá ag brath ar Phobal Féinrialaitheach Mhaidrid (an Spáinn). Bhí a caidreamh fostaíochta bunaithe ar sé chonradh ar théarma seasta i ndiaidh a chéile, a bhí beartaithe chun folúntas a chumhdach nó chun duine a chur in áit oibrí.

Rinne cúirteanna na Spáinne a caidreamh fostaíochta a aicmiú mar ‘chaidreamh fostaíochta ar théarma éiginnte neamhbhuan’ ar an bhforas gur baineadh mí-úsáid as a conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile. Ciallaíonn sé sin go bhfanfaidh an oibrí ina post go dtí go líonfar é go buan trí nós imeachta roghnúcháin [2] agus go bhfaighidh sí cúiteamh nuair a dhéanfar a caidreamh fostaíochta a fhoirceannadh.  Rinne an t-oibrí iarratas os comhair Chúirt Uachtarach na Spáinne go ndearbhófaí go raibh a caidreamh oibre buan.

Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire gur thug an Chúirt Bhreithiúnais rialú faoi na hoibleagáidí a eascraíonn as Clásal 5 den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma seasta [3] i mbreithiúnas ó 2024 [4]. Is é is aidhm don chlásal sin cosc a chur ar mhí-úsáid a eascraíonn as úsáid conarthaí nó caidrimh fostaíochta ar théarma seasta i ndiaidh a chéile. Mar sin féin, tá an breithiúnas sin ón gCúirt curtha i bhfeidhm ar bhealach éagsúil ag cúirteanna na Spáinne. De réir Chúirt Uachtarach na Spáinne, ní mór go dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú chun a chinneadh an bhfuil an reachtaíocht agus an cásdlí náisiúnta maidir le ‘caidreamh fostaíochta ar théarma éiginnte neamhbhuan’ i gcomhréir leis na ceanglais a eascraíonn as Clásal 5 den Chomhaontú Réime, eadhon an bhfuil bearta leordhóthanacha iontu chun pionós a ghearradh ar an mí-úsáid sin san earnáil phoiblí.

Meabhraíonn an Chúirt Bhreithiúnais, ar an gcéad dul síos, nach fúithi atá sé rialú a thabhairt faoi léiriú fhorálacha an dlí intíre, toisc gurb faoi na cúirteanna náisiúnta inniúla atá sé é sin a dhéanamh. **Is faoi Chúirt Uachtarach na Spáinne, dá bhrí sin, a bheidh sé a mheas an gcuirtear, leis na bearta dá bhforáiltear sa reachtaíocht náisiúnta, pionós leordhóthanach ar mhí-úsáid conarthaí téarma sheasta i ndiaidh a chéile nó caidrimh fostaíochta san earnáil phoiblí agus an gceadaítear leis na forálacha sin fáil réidh le hiarmhairtí an tsáraithe ar dhlí an Aontais.**

Mar sin féin, **tugann an Chúirt soiléiriú** chun treoir a chur ar fáil do Chúirt Uachtarach na Spáinne agus a measúnú á dhéanamh aici.

De réir na Cúirte Breithiúnais, **ní hionann athrú na gconarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile ina 'gcaidreamh fostaíochta ar théarma éiginnte neamhbhuan' agus beart leordhóthanach chun pionós cuí a ghearradh ar an mí-úsáid.** Go deimhin, leis an mbeart sin, déantar caidreamh fostaíochta de chineál sealadach a choinneáil ar bun agus, dá bhrí sin, déantar staid éagobhsaí an oibrí lena mbaineann a bhuanú, **cé go meastar leas chobhsaíocht na fostaíochta mar bheith ina phríomhghné de chosaint oibrithe.**

Ina dhiaidh sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais gur cosúil nach bhfuil na **cúitimh dá bhforáiltear** leis an reachtaíocht náisiúnta, a íoctar ar fhoirceannadh an chaidrimh fostaíochta agus a chuirtear faoi réir **uasteorainn dhúbailte** [5], **de chineál chun fáil réidh le hiarmhairtí an tsáraithe ar dhlí an Aontais, i ngach cás mí-úsáid conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile** [6].

Ina theannta sin, maidir le **córas dliteanais na seirbhísí poiblí,** tugann an Chúirt dá haire **nach beart leordhóthanach é córas den sórt sin** chun críocha Chlásal 5 **i gcás ina bhfuil sé débhríoch, teibí agus neamh-intuartha agus nach bhfuil** bearta éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha eile ag gabháil leis lena gceadaítear fáil réidh le hiarmhairtí an tsáraithe ar dhlí an Aontais. **Is faoi Chúirt Uachtarach na Spáinne atá sé a fhíorú**, ar thaobh amháin, an bhfuil an córas dliteanais dá bhforáiltear le dlí na Spáinne bunaithe ar fhorálacha náisiúnta atá sonrach, intuartha agus infheidhme sa chleachtas, agus an gceadaítear dá bhrí sin leis an gcóras sin pionós cuí a ghearradh ar an tseirbhís phoiblí lena mbaineann, agus, ar an taobh eile, an bhfuil bearta den sórt sin ag gabháil leis.

Ar deireadh, measann an chúirt **nach beart leordhóthanach** chun mí-úsáid a chosc agus pionós a ghearradh ina leith é **nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú** nach ndéanann, agus taithí roimhe sin an oibrí lena mbaineann agus an t-am a chaith sé ar chomhlíonadh a dhualgas á gcur san áireamh leis an méid sin, **an cur san áireamh sin a theorannú d'iarrthóirí a ndearnadh mí-úsáid den sórt sin orthu.** Go deimhin, ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé nach nglacfadh an oibrí lena mbaineann páirt sa nós imeachta roghnúcháin, nó nach n-éireodh lena iarratas. Ina theannta sin, faoi réir fíorú atá le déanamh ag Cúirt Uachtarach na Spáinne, is cosúil go dtéann an taithí agus fad seirbhíse a dtagraítear dó chun tairbhe do gach oibrí ar théarma seasta a bhfuil a leithéid de thaithí acu, lena n-áirítear iad siúd nach ndearnadh mí-úsáid den sórt sin orthu.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go ndéantar an t-aitheantas a thugtar do stádas 'an oibrí bhuain' san earnáil phoiblí a theorannú leis an reachtaíocht sin do dhaoine a bhaineann fostaíocht phoiblí amach tar éis gur éirigh leo i nós imeachta roghnúcháin i gcomhréir le prionsabail an chomhionannais, an

fhiúntais agus an chumais, amhail dá bhforáiltear i mBunreacht na Spáinne, agus prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe, a leagtar síos sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

[3] Clásal 5 den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma seasta, arna thabhairt i gcrích an 18 Márta 1999, atá in Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma seasta a thug CES, UNICE agus CEEP chun críche,

[4] Breithiúnas na Cúirte an 22 Feabhra 2024, *Consejería de Presidencia, Justicia e Interior de la Comunidad de Madrid agus páirtithe eile*, C-59/22, C-110/22 agus C-159/22.

[5] Is é sin, teorainn 20 lá luacha saothair in aghaidh na bliana seirbhíse agus teorainn 12 íocaíocht mhíosúla i gcás an chéad chinn agus 33 lá luacha saothair in aghaidh na bliana seirbhíse, suas le 24 íocaíocht mhíosúla ar a mhéad don dara ceann.

[6] Go deimhin, ní féidir le cúiteamh den sórt sin a bheith ina leigheas comhréireach agus éifeachtach i gcásanna mí-úsáide a théann thar thréimhse áirithe blianta, ná ina leigheas leordhóthanach agus iomlán ar an damáiste ar as a leithéid de mhí-úsáid. Ina theannta sin, ós rud é nach n-íoctar liúntais den sórt sin ach amháin nuair a fhoirceanntar an caidreamh fostaíochta mar gheall ar thabhairt chun críche an nós imeachta roghnúcháin, is cosúil nach bhféadfaí gach cás mí-úsáide a leigheas go héifeachtach le híocaíocht an liúntais sin, amhail i gcás oibrithe a théann ar scor, a éiríonn as oifig nó a dhífhostaítear roimh dheireadh an nós imeachta roghnúcháin.